7. Logainmneacha agus an mac tíre

Dáta an chláir: 12.10.08

Amanna: 15:26 – 16:50

Eochair: PÓC = Pádraig Ó Cearbhaill, MH = Mícheál Holmes

Athscríobh:

MH: Bhí tráth den saol ann a raibh an fhuaim sin le cloisteáil chuile oíche in áit éicint sa tír seo, tá sé ráite go raibh an mac tíre ag ritheacht thart i gcoillte na hÉireann os cionn fiche míle bliain ó shin. Tá sé ráite freisin, más fíor é, gur ins an bhliain 1786 a maraíodh an ceann deireanach acu ar **Stua Laighean** nó *Mount Leinster* mar a thugann muintir na háite air. Mac tíre aonarach a bhí ag ionsaí caorach ar fheilméara ar thaobh an chnoic sin i g**Contae Cheatharlach.** Deirtear freisin go ndearnadh slad ar chuid mhór de na hainmhithe seo le linn aimsir Chromail mar go raibh duais nó deontas le fáil ó na húdaráis ar chloigeann agus ar chraiceann mhac tíre, £6 i gcásanna áirithe, an t-uafás airgid ag an am trí chéad bliain nó níos mó ó shin.

Bhuel cloisfimid ar ball ó Phádraig Ó Cearbhaill ón mBrainse Logainmneacha faoi áiteanna atá ceangailte leis an mac tíre sa tír seo.

Amanna: 20:20 - 21:42

PÓC: Tá ainm i g**Ciarraí** i g**Corca Dhuibhne**, **Coiscéim an Mhadra Alla,** 'madra alla' sin é an focal a bhí acu ar an mac tíre, 'coiscéim' sin bealach atá i gceist le coiscéim sa chás sin, bealach nó mám nó conair nó rud éigin mar sin

MH: Cineál cosáin atá ann ab ea?

PÓC: Sea, is dóigh liom gurb ea, gurb in é atá gceist leis. Agus 'madra alla' do bhí seanchas ann gur ansin a maraíodh an mac tíre deireanach sa taobh sin tíre. Má théann tú ó dheas ansin go dtí leithinis **Uíbh Ráthaigh** atá díreach laisteas de agus tá logainm ansin **Eisc na Mac Tíre** agus eisc sin scoilt i gcarraig nó sa bhfaill, *fissure* a thugtar air go minic sa Bhéarla. Mar sin ar **Chorca Dhuibhne** tá **Coiscéim an Mhadra Alla** agat agus laisteas de tá **Eisc na Mac Tíre** agus tá an dá ainm caomhnaithe i logainmneacha.

Ceisteanna

1. Cén fhuaim a bhíodh le cloisteáil gach oíche in áit éigin sa tír seo?

   .....

2. Cén leagan Béarla atá ar **Stua Laighean?**

   .....

3. Cén duais a bhí le fáil ar chloigeann agus ar chraiceann mac tíre in aimsir Chromail?

   .....

4. Luann Pádraig dhá ainm i g**Ciarraí** a bhfuil baint acu leis an mac tíre. Céard iad?

   .....